View in browser

07 Aibreán 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 92








## AG BUN NA CROISE

Beidh Amhráin Thraidisiúnta na Cásca á gcasadh os comhair na hArdcroise i gCill Éinde sa Spidéal ar Dhomhnach an Iúir, sin an Domhnach beag seo. Cuirfear tús le cúrsaí @ 7:30i.n. i gCill Éinde, An Spidéal ar an 10ú Aibreán. Ba bhreá le pobal Chill Éinde daoine as paróistí uile Chonamara a bheith ina dteannta don ócáid seo. Beidh fáilte roimh chuile dhuine.



## TURAS CHOLÁISTE CHOLMCILLE GO INCHICORE WORKS

Ar an Máirt 29 Márta thug Bliain a Dó cuairt ar **Inchicore Works** de chuid Iarnród Éireann i mBaile Átha Cliath mar chuid den tionscadal scoile "**Saol na hOibre**". Bhí Caoimhe Ní Chualáin agus Isabella Ní Choistealbha ar an turas agus seo mar a rinne siad cur síos ar an lá. Bhí muid ar an mbus go Gaillimh ag ceathrú tar éis a sé. Thóg muid an traein go stáisiún Heuston i mBaile Átha Cliath. Fuair muid bus go hInse Chór, áit a bhfuair muid blaiseadh d'obair phrintísigh mar shampla ag seiceáil peitril agus díosail, ag athrú boinn, ag lúbadh cuaillí leictreach agus ag cur sreanga i bplocóidí. Bhí feisteas sábháilteachta agus bróga oibre á gcaitheamh againn. Bhí an fhoireann oibre ansin an-chabhrach agus labhair siad linn faoi Stair an Iarnróid agus mhínigh siad a gcuid oibre go soiléir dúinn. Tugadh an deis dúinn ar deireadh, traein a thiomáint rud a thaitin go mór linn. Fuair muid greim le n-ithe ag Supermacs ag an stáisiún traenach ar an mbealach ar ais. Bhí muid ar ais sa mbaile ag a 7 a'chlog, tar éis lá fada ach taitneamhach.








## OIBRÍ ÓIGE DO CHLUB ÓIGE RÉALT NA MARA

Tá post páirtaimseartha mar Oibrí Óige ar fáil le Muintearas do Chlub Óige Réalt na Mara sna Forbacha. Beidh an tOibrí Óige ag obair le coiste an chlub le himeachtaí a reáchtáil, an club a bhainistiú agus roinnt oibre riaracháin a dhéanamh. Beidh go leor teagmhála ag an Oibrí Óige le hOifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige freisin a thugann tacaíocht agus cúnamh don chlub. Le cur isteach ar an bpost is féidir teagmháil a dhéanamh le muintearas@muintearas.com nó is féidir níos mó eolais a fháil ag 083 010 6294

## CRUINNIÚ CINN BHLIANA CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

Tá Cruinniú Cinn Bhliana á thionól ag Cumann Forbartha Chois Fharraige ar an Luan 25ú Aibreán sa seomra ar chúl Shéipéal an Chnoic ag 8 i.n. Tá an cruinniú oscailte do bhaill an Chumann Forbartha. Is féidir ballraíocht a fháil ach foirm a líonadh. Tá foirmeacha ar fáil tré theachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig cumannforbartha@gmail.com. Glacfar le rúin ó na baill le cur os comhair an chruinniú cinn bhliana suas go dtí an Déardaoin 21ú Aibreán.

## ARDMHOLADH DO 'PHOTA'

Tá ardmholadh ag dul do Dhiarmuid Ó Mathúna agus a fhoireann ag an gcaifé agus bialann **POTA**, atá suite i mBaile na hAbhann, a ainmníodh ar liosta de na bialanna is fearr in Éirinn a fhoilsíodh ar an *Sunday Independent* le gairid. Osclaíodh POTA i rith an tSamhraidh anuraidh agus tá sé ag dul ó neart go neart ó shin. Díríonn

Diarmuid ar bhia blasta áitiúl ar ardchaighdeán. Maith sibh a chairde!




## CEOL I STIÚIDEO CUAN

Beidh na chéad ceolchoirmeacha eile sa sraith Séasúr Ceoil an Earraigh ar bun i Stiúideo Cuan sa Spidéal ar an 14 & 15ú Aibreán. Is iad Matt Molloy, fliúiteadóir agus John Carty fidiléara a bheas ar an ardán. Tá ticéid ar fáil ach glaoch ar 091 553838, nó iad a ordú ar líne anseo. Bíonn teacht le chéile ar bun chuile Chéadaoin i Stiúideo Cuan freisin áit a mbíonn Johnny Óg Connolly, Róisín Ní Mhainnín, Caitlín Ní Chualáin agus Máirín Mhic Lochlainn ag cur is ag cúiteamh faoi ghnéithe de chleachtas a gcuid ealaíne idir ceol, damhsa, amhránaíocht agus scéalaíocht. Tá an-fháilte roimh an bpobal ag na seisiúin bhríomhara saor in aisce seo.



## FOLÚNTAIS AG ÓSTÁN CHOIS FHARRAIGE

Tá **Óstán Chois Fharraige** sa tóir ar dhaoine cumasacha le bheith mar bhaill dá bhfoireann. I measc na bpost atá ar fáil tá freastalaí don bhialann agus beár, don ionad aclaíochta agus don rannóg comhdhála agus féasta. Tá postanna mar bhainisteoir dualgais, mar fháilteoir agus mar phóirtéir oíche á dtairiscint freisin. Le suim a léiriú nó le tuilleadh eolais a fháil is féidir CV a sheoladh chuig dan.regan@connemaracoast.ie nó joanna.fitzgerald@connemaracoast.ie

## MAIDIN CHAIFÉ BHEARNA NA FORBACHA AONTAITHE

Tá maidin chaifé á reáchtáil ag Bearna Na Forbacha Aontaithe le tacaíocht a thabhairt do Fhoireann na gCailíní faoi 15. Tá Craobh Chonnacht sroichte ag an bhfoireann agus iad ag súil go mór leis an gcraobh. Dé Céadaoin 13ú Aibreán a bheas an ócáid ar siúl ó 10-12r.n. in Óstán Chois Fharraige. Tabharfar cuid den airgead mar shíntiús do **Chumann Croise Deirge na hÉireann** ar son na n-iarrachtaí atá ar bun acu tacaíocht a thabhairt do mhuintir na hÚcráine.

## MOLSCÉAL AG AN NGARRAÍ GLAS

Thug **Molscéal** cuairt ar Aonghus Ó Coisdealbha agus ar an nGarraí Glas le gairid. Tugann Aonghus comhairle agus treoir thar a bheith cabhrach maidir le *Amadanis* planda úr atá tagtha go hÉirinn agus a bhfuil go leor damáiste agus díobhála á dhéanamh aige chuile áit ina bhfásann sé. Is iomaí leide agus comhairle den scoth atá ag Aonghus, b'fhiú go mór súil a chaitheamh ar an bhfíseán agus tá sé le fáil anseo.




## ÉISTEACHTAÍ AG ROS NA RÚN

Beidh éisteachtaí á reáchtáil ag **Ros na Rún** go luath! Tá roinnt aisteoirí nua ag teastáil sula bhfilleann an sobalchlár do shéasúr 27. Tá meascán de rólanna éagsúla i gceist, idir fhir agus mná atá os cionn 18 mbliana d'aois. Beidh éisteachtaí ar siúl i mBaile Átha Cliath, i gCiarraí, i nDún na nGall, chomh maith le héisteachtaí áitiúla sa Spidéal. Má tá suim agat ann is féidir teagmháil a dhéanamh le Ros na Rún anseo nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig ag info@rosnarun.com

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite